Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2016

## Aistriúchán
## Ar Scéim Mharcála

## Stair

Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2016

# SCÉIM MHARCÁLA

# STAIR
# AN NUA-AOIS DHÉANACH

# GNÁTHLEIBHÉAL

***AN TUARASCÁIL AR AN STAIDÉAR TAIGHDE (TST)***
***(100 marc)***

**TEIDEAL AN STAIDÉIR (níl aon mharc ina leith seo)**

Ní cheadaítear marc ar bith i leith an teidil ach ní mór an teideal a thabhairt san áireamh sa mheastóireacht 'ar an mbaint atá ag na foinsí leis an ábhar staidéir' faoin *Meastóireacht ar na Foinsí*.

**PLEAN IMLÍNEACH (15 mharc)**

Foinsí a lua = 6 mharc Gnéithe eile = 9 marc

**Foinsí a lua**

Iarrtar dhá fhoinse a lua.

Foinse amháin a lua go cuimsitheach agus go cruinn = 3 mharc

3 mharc x 2 = 6 mharc do dhá fhoinse

Teideal = 1 mharc

Údar = 1 mharc

Mír eolais eile sa bhreis air sin mar fhianaise (e.g.: foilsitheoir, dáta foilsithe, seoladh suíomh idirlín, etc.) = 1 mharc

**An t-ábhar staidéir atá molta a shainiú agus bunús a thabhairt dó, ag sonrú na n-aidhmeanna agus an chuir chuige atá i gceist.**

An leagann an t-iarrthóir amach go soiléir an t-ábhar a bhfuil sé i gceist staidéar a dhéanamh air agus an chúis go ndéantar? An leagann an t-iarrthóir amach na haidhmeanna leis an staidéar agus an chaoi ar dóigh go mbainfear amach iad?

Agus an freagra á mheas ina iomláine, cé chomh maith is a éiríonn leis an iarrthóir an méid sin a dhéanamh go soiléir agus go loighciúil?

***go han-mhaith*** = 8-9 marc
***go maith*** = 6-7 marc
***réasúnta*** = 3-5 mharc
***go lag*** = 0-2 mharc

## MEASTÓIREACHT AR NA FOINSÍ (25 marc)

Tagairt a dhéanamh d'fheabhas nó do laige na bhfoinsí agus léargas a thabhairt ar an mbaint atá ag na foinsí leis an ábhar.

Cé chomh maith is a éiríonn leis an iarrthóir an méid sin a dhéanamh go soiléir agus go loighciúil?

Tagairt don DÁ fhoinse

***go han-mhaith*** = 21-25 marc
***go maith*** = 15-20 marc
***réasúnta*** = 8-14 mharc
***go lag*** = 0-7 marc

Gan ach tagairt d'fhoinse AMHÁIN

***go han-mhaith*** = 14-17 marc
***go maith*** = 10-13 mharc
***réasúnta*** = 5-9 marc
***go lag*** = 0-4 mharc

## AISTE FHADA (60 marc)

Aiste staire = 50 marc

Athbhreithniú ar an bpróiseas taighde = 10 marc

Is féidir an t-athbhreithniú ar an bpróiseas taighde a bheith ina chuid shlán den aiste nó is féidir é a chur i láthair mar ghné ar leith den obair.

Ba cheart an aiste staire a mheas mar aonad agus marcanna as 50 a bhronnadh mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| ***Eolas ar an stair – 25 marc***<br>Críochnúil,<br>cruinn<br>agus ag baint le hábhar an teidil | ***Go han-mhaith:*** 21-25<br>***Go maith:*** 15-20<br>***Réasúnta:*** 8-14<br>***Go lag:*** 0-7 |
| ***Scileanna taighde – 15 mharc***<br>Tá suntas ó thaobh staire leis an staidéar a roghnaíodh (ní ábhar gan iomrá, gan tábhacht é)<br>Plé cóir cothrom ar na ceisteanna.<br>Taighde sách domhain léirithe | ***Sármhaith*** 13-15<br>***Go han-mhaith:*** 10-12<br>***Go maith:*** 7-9<br>***Réasúnta:*** 4-6<br>***Go lag:*** 0-3 |
| ***Cur i Láthair – 10 marc***<br>Leagan amach<br>Fad cuí | ***Go han-mhaith:*** 8-10<br>***Go maith:*** 6-7<br>***Réasúnta:*** 4-5<br>***Go lag:*** 0-3 |

***Athbhreithniú ar an bpróiseas taighde (10 marc)***

Is féidir seo a chur i láthair mar chuid ann féin nó mar chuid shlán den aiste.
Ba cheart don scrúdaitheoir an cuntas ar an bpróiseas taighde a mheas ina iomláine.
Tar éis an t-athbhreithniú a mheas, ba cheart don scrúdaitheoir marcanna a bhronnadh mar seo a leanas:

***Go han-mhaith:*** 8-10
***Go maith:*** 6-7
***Réasúnta:*** 4-5
***Go lag:*** 0-3

***Roinn 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE (CDB)***
***(100 marc)***

Tá ceithre chuid sa cheist Dhoiciméad-bhunaithe:

1. Tuiscint (40 marc)
2. Comparáid (20 marc)
3. Criticeas (20 marc)
4. Comhthéacsúchán (20 marc)

***1. Tuiscint (40 marc)***

(a) Tochtanna a bhí líonta le tuí. 8 marc

(b) Paráid 8 marc

(c) 67.8% 8 marc

(d) Cé chomh rachmasach agus a bhí an ceantar (i gcomparáid le Jarrow) 8 marc

(e) Ní bhfuair siad aon dea-fhreagra/ Dúradh leo filleadh abhaile agus obair a chuardach 8 marc

Uasmhéid = 40 marc

***2. Comparáid (20 marc)***

(a) Tá. Ghlac Ellen Wilkinson páirt sa mháirseáil de réir Dhoiciméad A agus Dhoiciméad B araon = 2 mharc Ní mór é a bheith luaite go soiléir

Tá Doiciméad A tógtha as leabhar a scríobh Ellen Wilkinson. Deir sí ann go dtéadh sí i dteannta na bhfear sa mháirseáil tar éis a bparáide ag 8.45am = 4 mharc

Luaitear i nDoiciméad B go raibh Ellen Wilkinson ar dhuine de lucht eagraithe Mháirseáil Jarrow. Mar sin, tig linn glacadh leis go gcaithfidh sé gur ghlac sí páirt inti = 4 mharc
(Má dhéanann iarrthóir an pointe gur "eagraigh" sí an mháirseáil agus nach é sin le rá gur ghlac sí páirt inti, tabhair creidiúint as sin)

Marcáiltear cáilíocht an mhínithe de réir mar atá tuillte.

Freagra a luann an dá dhoiciméad = 4 mharc + 4 mharc
Uasmhéid = 10 marc

(b) Doiciméad B = 2 mharc
Ní dhéantar cur síos i nDoiciméad A ar an ngnáthmhaidin a bhíodh ag lucht máirseála Jarrow – bhídís ina suí ag 6.30 agus thugaidís aghaidh ar lá eile de mháirseáil ag 8.45.
Tugtar faisnéis chúlra i nDoiciméad B faoin leibhéal dífhostaíochta in Jarrow. Luaitear ann gur dúnadh an longchlós i 1934 agus gur ardaigh an dífhostaíocht go 67.8%. Deirtear ann ina dhiaidh sin gur thug an lucht máirseála achainí leo agus iad ag súil go dtabharfadh an rialtas cúnamh dóibh.

Marcáiltear cáilíocht an mhínithe de réir mar atá tuillte. Ní mór an dá dhoiciméad a lua.
Ní féidir glacadh le Doiciméad B mar fhreagra toisc nach dtugtar cúis ar bith ann le Máirseáil Jarrow.

Freagra a luann an dá dhoiciméad = 4 mharc + 4 mharc
Uasmhéid = 10 marc

***3. Criticeas (20 marc)***

(a) Níor fhan sí san iostas céanna leis na fir. Deir an scríbhneoir i nDoiciméad A go dtéadh sí i dteannta na bhfear sa mháirseáil tar éis a bparáide laethúla ar maidin. Deir sí ina dhiaidh sin go gcaitheadh sí gach oíche i dteach duine éigin, rúnaí pháirtí an Lucht Oibre áitiúil de ghnáth. Ciallaíonn an méid sin go mbíodh leaba aicise agus gur codlaíodh na fir ar chláir loma scoile nó halla druileála go minic.

Marcáiltear cáilíocht an mhínithe de réir mar atá tuillte.
5 mharc + 5 mharc = 10 marc

(b) Tá Doiciméad B tógtha as leabhar ar a dtugtar *Mastering Economic and Social History*. Is féidir linn glacadh leis ón teideal sin gur téacsleabhar staire é agus gur foinse thánaisteach é dá bhrí sin. Cuireadh an leabhar i gcló chóir a bheith caoga bliain tar éis Mháirseáil Jarrow, rud a chuireann in iúl freisin go gcaithfidh sé gur leabhar staire a bhí ann. Tá an leabhar ar nós téacsleabhar staire fiú amháin de bharr na slí a chuirtear fíricí agus figiúirí i dtoll a chéile faoi Jarrow sa tréimhse 1934-1936.

Marcáiltear cáilíocht an mhínithe de réir mar atá tuillte. 5 mharc + 5 mharc = 10 marc

***4. Comhthéacsúchán (20 marc)***

Marcáiltear de réir phrionsabal an Ráitis Bhuntábhachta.
Uasmhéid = 20 marc

Tabhair faoi deara go bhfuil **an chúis nó na cúiseanna** a bhí leis na "fadhbanna sóisialta agus eacnamaíochta" sna 1930í á lorg sa cheist.

Is féidir **Ráiteas Buntábhachta** a shainmhíniú mar ráiteas de chineál acu seo a leanas:

- Ráiteas faoi fhíric shuntasach a bhaineann le hábhar na ceiste a cuireadh
- Míniú, tuairim nó tráchtaireacht bhailí a bhaineann le hábhar na ceiste a cuireadh
- Ráiteas suntasach réamhráiteach **NÓ** clabhsúir a bhaineann le hábhar na ceiste a cuireadh

Maidir leis an bprionsabal marcála de réir Ráiteas Buntábhachta a chur i bhfeidhm, déanfaidh na scrúdaitheoirí mar seo a leanas:

- Tar éis an freagra a léamh, ba cheart é a bhriseadh suas ina Ráitis Bhuntábhachta, agus tic (√ ) a chur ag deireadh gach Ráitis Bhuntábhachta a chríochnaítear
- Bronntar 5 mharc ar gach Ráiteas Buntábhachta a chríochnaítear
- D'fhéadfadh go ngnóthófaí 1-4 mharc ar Ráiteas Buntábhachta nach gcríochnaítear ag deireadh freagra

Sa chás seo, maidir le ceist 4 sa Cheist Dhoiciméad-bhunaithe, féachfaidh an scrúdaitheoir le 5 mharc an ceann a bhronnadh as ceithre Ráiteas Buntábhachta chun na méid iomlán de 20 marc a fháil.

***Roinn 2: ÉIRE (200 marc)***
***agus***
***Roinn 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR (100 marc)***

Ní mór don iarrthóir freagairt mar gheall ar **dhá** Topaic i Roinn 2 agus ar Thopaic **amháin** i Roinn 3.

Tá gach Topaic roinnte ina trí chuid:

A. Aonad faoi spreagadh le 4/5 cinn de cheisteanna gearra le tabhairt fúthu (uasmhéid: 30 marc)
B. Alt gairid le scríobh mar gheall ar cheann de cheithre cinn de cheannteidil (uasmhéid: 30 marc)
C. Alt níos faide le scríobh mar fhreagra ar cheann de cheithre cinn de cheisteanna (uasmhéid: 40 marc)

Déanfar an mharcáil ar A, B agus C mar seo a leanas:

A. Is é an gnáthrud go mbronnfar na marcanna de réir 6 mharc in aghaidh na ceiste agus le 6 mharc x 5 ghnóthófaí uasmhéid 30 marc. Féach ***Nótaí maidir le topaicí faoi leith*** thíos maidir le hathruithe ón nós sin.
B. Déanfar an mharcáil ar an bhfreagra seo de réir phrionsabail an Ráitis Bhuntábhachta mar a leagtar síos thuas. Ceadófar Uasmharc Carnach 20 marc i leith na Ráiteas Buntábhachta agus ceadófar Uasmharc 10 marc i leith Mheastóireacht Ghinearálta an scrúdaitheora ar an bhfreagra. Feic an scála aistritheach thíos.
C. Déanfar an mharcáil ar an bhfreagra seo de réir phrionsabail an Ráitis Bhuntábhachta mar a leagtar síos thuas. Ceadófar Uasmharc Carnach 30 marc i leith Ráitis Bhuntábhachta agus ceadófar Uasmharc 10 marc i leith Mheastóireacht Ghinearálta an scrúdaitheora ar an bhfreagra. Feic an scála aistritheach thíos.

**Marc Carnach (MC)**
Seo é an marc iomlán a bhronntar mar gheall ar Ráitis Bhuntábhachta, faoi réir ag uasmhéid 20 marc i gcás chuid B agus uasmhéid 30 marc i gcás chuid C.

**Meastóireacht Ghinearálta (MG)**
Agus marcanna á mbronnadh faoi MG, tabharfaidh an scrúdaitheoir san áireamh a fheabhas a thagann an freagra leis an gceannteideal nó a théitear i ngleic leis an gceist a cuireadh. Beidh an tábla grádúcháin seo a leanas i bhfeidhm:

***Sármhaith*** 9-10 marc
***Go han-mhaith:*** 7-8 marc
***Go maith:*** 5-6 mharc
***Réasúnta:*** 3-4 mharc
***Go lag:*** 0-2 mharc

Agus marcanna faoi MC agus MG araon á mbronnadh, beidh dearcadh oscailte ag an scrúdaitheoir, ag déileáil leis an ábhar, maidir leis an réimse freagraí inghlactha

a bhféadfaí bheith ag súil leo ó iarrthóir ar an nGnáthleibhéal agus beidh tuiscint ag an scrúdaitheoir ar scóip an eolais agus na scileanna staire a éilítear faoin siollabas.

.

## *Nótaí maidir le topaicí faoi leith*

***ROINN 2: ÉIRE (200 marc)***

Ceisteanna le freagairt ar **dhá** cheann de na sé thopaic thíos.

*Éire: Topaic 1*

**Éire agus an tAontas, 1815 1870**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Mic léinn (ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath) | (6) |
| A2. | Sa Mhalartán Arbhair/ Ar Ché an Bhúrcaigh | (6) |
| A3. | Gheall siad dó go rachaidís ar garda (agus go gcaithfidís clampróirí ar bith isteach sa Life) | (6) |
| A4. | Bhí áit mhór tionóil ann (a bhféadfadh suas le míle duine cruinniú ann)/ Bhí na giollaí guail ar fáil in aice láimhe chun na cruinnithe a phóilíniú | (6) |
| A5. | Tairbhe bhailí AMHÁIN do Chaitlicigh | (6) |

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*Éire: Topaic 2*

**Gluaiseachtaí ar son leasú polaitíochta agus sóisialta, 1870 1914**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Óstán Uí Aodha/ Durlas/ Contae Thiobraid Árann | (6) |
| A2. | Parnell (2 mharc), Mac Daibhéid (2 mharc), Cróc (2 mharc) | (6) |
| A3. | Triúr | (6) |
| A4. | Breis agus 700 focal | (6) |
| A5. | Fadhb AMHÁIN a bhí ag CLG, 1884-1891 | (6) |

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*Éire: Topaic 3*

**Ar thóir an fhlaithis agus tionchar na críochdheighilte, 1912 1949**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | D’oibrigh sí i Halla na Saoirse leis an gCuntaois Markievicz/ Bia a chur ar fáil do theaghlaigh a bhí ag fáil bháis leis an ocras | (6) |
| A2. | Halla na Saoirse | (6) |
| A3. | Príomhoifigeach Leighis | (6) |
| A4. | Leasuachtarán | (6) |
| A5. | Athrú bailí AMHÁIN ar thuairimí polaitiúla tar éis Éirí Amach na Cásca | (6) |

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*Éire: Topaic 4*

**Diaspóra na hÉireann, 1840 1966**

A1. Beagnach milliún (6)

A2. Dálaí oibre feabhsaithe (6)

A3. Tháinig laghdú air (6)

A4. Thóg an Eaglais Chaitliceach mórán séipéal ina bhféadfadh na himircigh Éireannacha a gcreideamh a chleachtadh NÓ bualadh le hÉireannaigh eile/ Mar thoradh ar an mórán séipéal nua a tógadh, tugadh cuidiú do na himircigh Éireannacha a bheith ina gcuid inghlactha de phobal na Breataine (6)

A5. Cúis bhailí AMHÁIN le dul ar imirce tar éis 1840 (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*Éire: Topaic 5*

**An pholaitíocht agus an tsochaí i dTuaisceart Éireann, 1949 1993**

A1. 1989 (6)

A2. Tháinig ísliú ar an mbraistint sin (3 mharc) Tá an méid sin soiléir faoin gcolún dar teideal ÉIREANNACH/ Mar thoradh ar na Trioblóidí sna 1970idí bhraith siad nárbh Éireannaigh iad an oiread céanna/ Aon mhíniú stairiúil bailí eile (3 mharc) (6)

A3. 1968 (6)

A4. Briotanach (3 mharc) Tá an méid sin soiléir faoin gcolún dar teideal BRIOTANACH/ Mar thoradh ar na contúirtí a bhain leis na Trioblóidí, bhraith siad ní ba shábháilte mar Bhriotanaigh/ Aon mhíniú stairiúil bailí eile (3 mharc) (6)

A5. Pointe bailí AMHÁIN faoin tábhacht a bhain le Forógra Shráid Downing (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*Éire: Topaic 6*

**An rialtas, an geilleagar agus an tsochaí i bPoblacht na hÉireann, 1949 1989**

A1. Ba ghnách meangadh mealltach ar a bhéal (3 mharc) agus bhain bealach deas réchúiseach leis (3 mharc) (6)

A2. Ní raibh sé ar a shuaimhneas ag meascadh le daoine/ Ní raibh an gean céanna ar dhaoine aige agus a bhí ag de Valera (6)

A3. Bhí sé thar a bheith tapa chun smaoineamh a thuiscint/ Bhí sé ábalta smaoineamh a fhorbairt agus a chur i ngníomh/ Fathach oibre a bhí ann (ag tosú go luath agus i mbun oibre go mall) (6)

A4. Thosaíodh sé go luath ag 8am agus d'oibríodh sé san oifig go dtí 6pm (3 mharc) agus ansin thugadh sé comhaid abhaile leis sa tráthnóna (3 mharc)
D'oibríodh sé uaireanta fada = 6 mharc (6)

A5. Bealach bailí AMHÁIN inar lorg Lemass dul chun cinn eacnamaíoch (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

## *ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR (100 marc)*

Ceisteanna le freagairt ar cheann **amháin** de na cúig thopaic thíos.

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1*

### An náisiúnachas agus foirmiú stát san Eoraip, 1815 1871

A1. Na cumainn Anglacánacha (3 mharc) agus Neamhaontacha (3 mharc) (6)

A2. Chun maoirseacht a dhéanamh ar an gcaoi a gcaithfí an deontas méadaithe arbh ionann é agus £30,000. (6)

A3. Thuairiscigh sé nach raibh formhór na ndaoine ábalta nuachtán a léamh NÓ litir a scríobh fós (6)

A4. Scéim íocaíochta 'bunaithe ar thorthaí' (6)

A5. Bealach bailí AMHÁIN ina raibh tionchar ag an ardú litearthachta ar an Eoraip (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*

### Náisiúnstáit agus teannas idirnáisiúnta, 1871 1920

A1. Seirbhís Náisiúnta na mBan/ An Stát (6)

A2. Bhí cion réasúnta bainne ag na páistí/ Thit an ráta báis naíonán i mBeirlín le linn an chogaidh (6)

A3. Bhí innéacsaí cártaí acu de na daoine ar fad agus dá gcuid riachtanas (6)

A4. Ghlac siad modhanna nua cócaireachta gan bhainne, uibheacha ná saill chucu féin (6)

A5. Cúis bhailí AMHÁIN a ndeachaigh na Stáit Aontaithe isteach sa Chéad Chogadh Domhanda. (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*

**Easaontas agus páirtíocht nua san Eoraip, 1945 1992**

A1. 1961 (3 mharc) á gairm ag an bPápa Eoin XXIII (3 mharc) (6)

A2. Athnuachan na hEaglaise/ Aontacht i measc Críostaithe/ Oscailteacht don domhan comhaimseartha DHÁ cheann ar bith @ 3 mharc an ceann (6)

A3. 2,300 (6)

A4. Ní raibh = 3 mharc Bhí breathnóirí oifigiúla ó eaglaisí Críostaí (neamh-Chaitliceacha) eile i láthair = 3 mharc (6)

A5. Athrú AMHÁIN ar bith a tharla de bharr an dara Comhairle Vatacánach (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*

**Cúlú na hEorpa ó impireachtaí agus an toradh, 1945 1990**

A1. Mar go gcreideann formhór na gCongólach gurb ionann neamhspleáchas agus saoirse ó cháin (6)

A2. Tá siad tar éis tarraingt siar le teann faitís (6)

A3. Deirtear inti go seasann oibrithe i líne gach maidin taobh amuigh de dhoirse dúnta monarchana/ Tá úinéirí geala monarchana tar éis teitheadh (6)

A4. Mar gur shéid na hoibrithe (neamhoilte) na fiúsanna gach uair a chuir siad an chumhacht ar siúl (6)

A5. Cúis AMHÁIN ar chuir na Náisiúin Aontaithe trúpaí chuig an gCongó (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*

**Na Stáit Aontaithe agus an domhan, 1945-1989**

A1. Rinn Canaveral/ Seascann iargúlta a bhí lán le nathracha (6)

A2. Cearta sibhialta/ Feallmharú/ Vítneam
DHÁ cheann ar bith @ 3M an ceann (6)

A3. Óstáin shaora/ Tithe tábhairne/ Tithe ógbhan/ Comharthaí neoin (6)

A4. Bhí an áit lán le spiorad na móreachtraíochta/ Bhí gach duine ag an Rinn ag féachaint in airde sna spéartha (6)

A5. Cúis AMHÁIN ar ócáid thábhachtach í an tuirlingt ar an nGealach (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

Leathanach Bán

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2016

# SCÉIM MHARCÁLA

# STAIR
# AN NUA-AOIS LUATH

# GNÁTHLEIBHÉAL

*AN TUARASCÁIL AR AN STAIDÉAR TAIGHDE (TST)*
***(100 marc)***

**TEIDEAL AN STAIDÉIR (níl aon mharc ina leith seo)**

Ní cheadaítear marc ar bith i leith an teidil ach ní mór an teideal a thabhairt san áireamh sa mheastóireacht ‘ar an mbaint atá ag na foinsí leis an ábhar staidéir’ faoin *Meastóireacht ar na Foinsí*.

**PLEAN IMLÍNEACH (15mharc)**

Foinsí a lua = 6 mharc Gnéithe eile = 9 marc

**Foinsí a lua**

Iarrtar dhá fhoinse a lua.

Foinse amháin a lua go cuimsitheach agus go cruinn = 3 mharc

3 mharc x 2 = 6 mharc do dhá fhoinse

Teideal = 1 mharc

Údar = 1 mharc

Mír eolais eile sa bhreis air sin mar fhianaise (e.g.: foilsitheoir, dáta foilsithe, seoladh suíomh idirlín, etc.) = 1 mharc

**An t-ábhar staidéir atá molta a shainiú agus bunús a thabhairt dó, ag sonrú na n-aidhmeanna agus an chuir chuige atá i gceist.**

An leagann an t-iarrthóir amach go soiléir an t-ábhar a bhfuil sé i gceist staidéar a dhéanamh air agus an chúis go ndéantar? An leagann an t-iarrthóir amach na haidhmeanna leis an staidéar agus an chaoi ar dóigh go mbainfear amach iad?

Agus an freagra á mheas ina iomláine, cé chomh maith is a éiríonn leis an iarrthóir an méid sin a dhéanamh go soiléir agus go loighciúil?

***go han-mhaith*** = 8-9 marc
***go maith*** = 6-7 marc
***réasúnta*** = 3-5 mharc
***go lag*** = 0-2 mharc

## MEASTÓIREACHT AR NA FOINSÍ (25 marc)

Tagairt a dhéanamh d'fheabhas nó do laige na bhfoinsí agus léargas a thabhairt ar an mbaint atá ag na foinsí leis an ábhar.

Cé chomh maith is a éiríonn leis an iarrthóir an méid sin a dhéanamh go soiléir agus go loighciúil?

| | |
|---|---|
| Tagairt don DÁ fhoinse | ***go han-mhaith*** = 21-25 marc<br>***go maith*** = 15-20 marc<br>***réasúnta*** = 8-14 mharc<br>***go lag*** = 0-7 marc |
| Gan ach tagairt d'fhoinse AMHÁIN | ***go han-mhaith*** = 14-17 marc<br>***go maith*** = 10-13 mharc<br>***réasúnta*** = 5-9 marc<br>***go lag*** = 0-4 mharc |

## AISTE FHADA (60 marc)

Aiste staire = 50 marc          Athbhreithniú ar an bpróiseas taighde = 10 marc

Is féidir an t-athbhreithniú ar an bpróiseas taighde a bheith ina chuid shlán den aiste nó is féidir é a chur i láthair mar ghné ar leith den obair.

Ba cheart an aiste staire a mheas mar aonad agus marcanna as 50 a bhronnadh mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| ***Eolas ar an stair – 25 marc***<br>Críochnúil,<br>cruinn<br>agus ag baint le hábhar an teidil | ***Go han-mhaith:*** 21-25<br>***Go maith:*** 15-20<br>***Réasúnta:*** 8-14<br>***Go lag:*** 0-7 |
| ***Scileanna taighde – 15 mharc***<br>Tá suntas ó thaobh staire leis an staidéar a roghnaíodh (ní ábhar gan iomrá, gan tábhacht é)<br>Plé cóir cothrom ar na ceisteanna.<br>Taighde sách domhain léirithe | ***Sármhaith*** 13-15<br>***Go han-mhaith:*** 10-12<br>***Go maith:*** 7-9<br>***Réasúnta:*** 4-6<br>***Go lag:*** 0-3 |
| ***Cur i Láthair – 10 marc***<br>Leagan amach<br>Fad cuí | ***Go han-mhaith:*** 8-10<br>***Go maith:*** 6-7<br>***Réasúnta:*** 4-5<br>***Go lag:*** 0-3 |

***Athbhreithniú ar an bpróiseas taighde (10 marc)***

Is féidir seo a chur i láthair mar chuid ann féin nó mar chuid shlán den aiste.
Ba cheart don scrúdaitheoir an cuntas ar an bpróiseas taighde a mheas ina iomláine.
Tar éis an t-athbhreithniú a mheas, ba cheart don scrúdaitheoir marcanna a bhronnadh mar seo a leanas:

***Go han-mhaith:*** 8-10
***Go maith:*** 6-7
***Réasúnta:*** 4-5
***Go lag:*** 0-3

***Roinn 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE (CDB)***
***(100 marc)***

Tá ceithre chuid sa cheist Dhoiciméad-bhunaithe:

1. Tuiscint (40 marc)
2. Comparáid (20 marc)
3. Criticeas (20 marc)
4. Comhthéacsúchán (20 marc)

***1. Tuiscint (40 marc)***

(a) Aire a thabhairt do gach duine/ Rabhadh a thabhairt ar bhealach cairdiúil dóibh siúd atá ag mí-iompar/ Tuairisciú chuig airí más gá
DHÁ CHEANN AR BITH @ 4M 8M

(b) Ionas go mbeifí in ann maoirsiú a dhéanamh ar gach duine/ Lena chinntiú go mbeadh
clúdach maith ar fud na cathrach 8M

(c) Thoghfaí deagánaigh ar an mbealach céanna is a toghadh na seanóirí
8M

(d) Go díograiseach agus go maith/ Oscailte ní hamháin do dhaoine tinn, ach
do sheandaoine, na boicht agus dóibh siúd nach raibh in ann obair a dhéanamh
8M

(e) Iad siúd atá bocht, sean nó nach bhfuil in ann obair a dhéanamh, ach nach bhfuil tinn 8M
Uasmhéid = 40M

## *2.* *Comparáid* *(20 marc)*

(a) Is féidir argóint a dhéanamh go léiríonn ceachtar cáipéis tuilleadh faisnéise faoin nGinéiv. Tugtar clúdach níos ginearálta i nDoiciméad A agus pléitear ospidéal na cathrach den chuid is mó i nDoiciméad B. Mínítear ról na seanóirí agus na n-airí i dtaobh maoirsiú na cathrach agus ceartú mí-iompair i nDoiciméad A. Déantar cur síos ann chomh maith ar an gcaoi gur cheap an Chomhairle Bheag agus Comhair an Dá Chéad na seanóirí.
Tá Doiciméad B i bhfad níos giorra. Déantar cur síos ann ar ról na ndeagánach i reáchtáil an ospidéil, ach tugtar mionsonra suimiúil chomh maith maidir leis na cineálacha daoine nach bhfuil tinn, ach a dtugtar aire dóibh in áit ar leith san ospidéal.

*Marcáiltear gach doiciméad ar scála aistritheach as 5:*
Sármhaith = 5 mharc An-mhaith = 4 mharc Go maith = 3 mharc
Réasúnta = 2 mharc Lag = 0-1 mharc

Freagra a luann an dá dhoiciméad = 5M + 5M Uasmhéid = 10M

(b) Aontú sa dá dhoiciméad. Luaitear i nDoiciméad A go bhfuil an focal scoir ag an gComhairle Bheag agus
ag Comhairle an Dá Chéad chun na seanóirí a mhaoirsíonn saol na cathrach a roghnú. Luaitear i nDoiciméad B gur roghnaíodh deagánaigh, a riarann ospidéal na cathrach, ar an mbealach céanna. Ciallaíonn sin go raibh an Chomhairle i gceannas ar reáchtáil na cathrach. Scríobh Calvin an dá dhoiciméad, mar sin ní iontas é sin.

*Marcáiltear gach doiciméad ar scála aistritheach as 5:*
Sármhaith = 5 mharc An-mhaith = 4 mharc Go maith = 3 mharc
Réasúnta = 2 mharc Lag = 0-1 mharc

Freagra a luann an dá dhoiciméad = 5M + 5M Uasmhéid = 10M

## *3.* *Criticeas* *(20 marc)*

(a) Léirítear i nDoiciméad A go raibh an tsochaí faoi smacht dian sa Ghinéiv. Is cosúil go raibh ardleibhéal maoirseachta sa chathair agus na seanóirí tofa ag faire ar a gcomharsana ar fad. Tugtar rabhadh cairdiúil dóibh siúd atá ag mí-iompar agus, mura leasaíonn siad a gcuid iompair, féadfar iad a thuairisciú chuig an aire i gcomhair ceartúcháin deartháiriúil.

Marcáiltear cáilíocht an mhínithe de réir mar atá tuillte.
*Marcáiltear an freagra ar scála aistritheach as 10:*
Sármhaith = 9-10 marc An-mhaith = 7-8 marc Go maith = 5-6 mharc
Réasúnta = 3-4 mharc Lag = 0-2 mharc
Uasmhéid = 10M

(b) Foinsí príomha an dá cheann. Sleachta iad as an leabhar céanna “ Na hOrduithe Eaglasta” (1541) le Calvin. Ba chosúil le leabhar de rialacha reiligiúnacha don saol sa Ghinéiv ag an am é. Scríobh Calvin féin é, agus bhí sé ina phríomhcharachtar sa chathair ag an am.

Marcáiltear cáilíocht an mhínithe de réir mar atá tuillte.
*Marcáiltear an freagra ar scála aistritheach as 10:*
Sármhaith = 9-10 marc    Go han-mhaith = 7-8 marc    Go maith = 5-6 mharc
Réasúnta = 3-4 mharc    Lag = 0-2 mharc

Uasmhéid = 10M

***4. Comhthéacsúchán (20 marc)***

Marcáiltear de réir phrionsabal an Ráitis Bhuntábhachta.
Uasmhéid = 20M

Is féidir **Ráiteas Buntábhachta** a shainmhíniú mar ráiteas de chineál acu seo a leanas:

- Ráiteas faoi fhíric shuntasach a bhaineann le hábhar na ceiste a cuireadh
- Míniú, tuairim nó tráchtaireacht bhailí a bhaineann le hábhar na ceiste a cuireadh
- Ráiteas suntasach réamhráiteach **NÓ** clabhsúir a bhaineann le hábhar na ceiste a cuireadh

Maidir leis an bprionsabal marcála de réir Ráiteas Buntábhachta a chur i bhfeidhm, déanfaidh na scrúdaitheoirí mar seo a leanas:

- Tar éis an freagra a léamh, ba cheart é a bhriseadh suas ina Ráitis Bhuntábhachta, agus tic (√ ) a chur ag deireadh gach Ráitis Bhuntábhachta a chríochnaítear
- Bronntar 5 mharc ar gach Ráiteas Buntábhachta a chríochnaítear
- D’fhéadfadh go ngnóthófaí 1-4 mharc ar Ráiteas Buntábhachta nach gcríochnaítear ag deireadh freagra

Sa chás seo, maidir le ceist 4 sa Cheist Dhoiciméad-bhunaithe, féachfaidh an scrúdaitheoir le 5 mharc an ceann a bhronnadh maidir le ceithre Ráiteas Buntábhachta maidir le hUasmhéid 20 marc.

***Roinn 2: ÉIRE (200 arc)***
***agus***
***Roinn 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR (100 marc)***

Ní mór don iarrthóir freagairt mar gheall ar Thopaic **amháin** i Roinn 2 agus **dhá** Topaic i Roinn 3.

Tá gach Topaic roinnte ina trí chuid:

A. Aonad faoi spreagadh le 4/5 cinn de cheisteanna gearra le tabhairt fúthu (uasmhéid = 30 marc)
B. Alt gairid le scríobh mar gheall ar cheann de cheithre cinn de cheannteidil (uasmhéid: 30 marc)
C. Alt níos faide le scríobh mar fhreagra ar cheann de cheithre cinn de cheisteanna (uasmhéid: 40 marc)

Déanfar an mharcáil ar A, B agus C mar seo a leanas:

A. Is é an gnáthrud go mbronnfar na marcanna de réir 6 mharc in aghaidh na ceiste agus le 6 mharc x 5 ghnóthófaí uasmhéid 30 marc. Féach ***Nótaí maidir le topaicí faoi leith*** thíos maidir le hathruithe ón nós sin.
B. Déanfar an mharcáil ar an bhfreagra seo de réir phrionsabail an Ráitis Bhuntábhachta mar a leagtar síos thuas. Ceadófar Uasmharc Carnach 20 marc i leith na Ráiteas Buntábhachta agus ceadófar Uasmharc 10 marc i leith Mheastóireacht Ghinearálta an scrúdaitheora ar an bhfreagra. Feic an scála aistritheach thíos.
C. Déanfar an mharcáil ar an bhfreagra seo de réir phrionsabail an Ráitis Bhuntábhachta mar a leagtar síos thuas. Ceadófar Uasmharc Carnach 30 marc i leith Ráitis Bhuntábhachta agus ceadófar Uasmharc 10 marc i leith Mheastóireacht Ghinearálta an scrúdaitheora ar an bhfreagra. Feic an scála aistritheach thíos.

**Marc Carnach (MC)**
Seo é an marc iomlán a bhronntar mar gheall ar Ráitis Bhuntábhachta, faoi réir ag uasmhéid 20 marc i gcás chuid B agus uasmhéid 30 marc i gcás chuid C.

**Meastóireacht Ghinearálta (MG)**
Agus marcanna á mbronnadh faoi MG, tabharfaidh an scrúdaitheoir san áireamh a fheabhas a thagann an freagra leis an gceannteideal nó a théitear i ngleic leis an gceist a cuireadh. Beidh an tábla grádúcháin seo a leanas i bhfeidhm:

***Sármhaith*** 9-10 marc
***Go han-mhaith:*** 7-8 mharc
***Go maith:*** 5-6 mharc
***Réasúnta:*** 3-4 mharc
***Go dona:*** 0-2 mharc

Agus marcanna faoi MC agus MG araon á mbronnadh, beidh dearcadh oscailte ag an scrúdaitheoir, ag déileáil leis an ábhar, maidir leis an réimse freagraí inghlactha a bhféadfaí bheith ag súil leo ó iarrthóir ar an nGnáthleibhéal agus beidh tuiscint ag an scrúdaitheoir ar scóip an eolais agus na scileanna staire a éilítear faoin siollabas.

## *Nótaí maidir le topaicí faoi leith*

***ROINN 2: ÉIRE (200 marc)***

Freagair ceisteanna ar **dhá** cheann de na sé thopaic thíos.

*Éire: Topaic 1*

**Leasú agus Reifirméisean in Éirinn na dTúdarach, 1494 1558**

A1. Cháin sé an rí (3M) Thug sé claíomh oifige an ghobharnóra ar láimh don Ard-Seansailéir (3M) (6)
A2. Baile na Lochlannach (6)
A3. Bhí roinnt taithí mhíleata aige i gceann d'fheachtais mhíleata a athar. (6)
A4. Conn Bacach Ó Néill (6)
A5. Toradh éirí amach Chill Dara (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*Éire: Topaic 2*

**Éirí amach agus concas in Éirinn i réimeas Eilíse, 1558 1603**

A1. Cloigne na ndaoine a maraíodh an lá sin (6)
A2. chun na daoine a sceimhliú (6)
A3. Luaitear ann go raibh cloigne leanaí mar chuid den taispeántas uafásach (6)
A4. Cuireadh uafás mór orthu (6)
A5. Aon iarmhairt bhailí AMHÁIN (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*Éire: Topaic 3*

**An ríocht in aghaidh na coilíneachta - an streachailt don lámh in uachtar in Éirinn, 1603-1660**

A1. Neamhthrócaireacht/ brúidiúlacht agus scéiméireacht/ teasaí agus fuarchúiseacht 1DHÁ cheann ar bith @ 3M an ceann (6)
A2. Aon duine a thug neamhaird ar bhreithiúnas Dé (a namhaid) i gcogaí 1642-47 (6)
A3. Na Sasanaigh (6)
A4. Na hÉireannaigh (6)
A5. Aon cheantar nó teaghlach AMHÁIN a chaill talamh (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*Éire: Topaic 4*

**Cinsealacht choilíneachta á bunú, 1660-1715**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | William Lecky | (6) |
| A2. | Bhí toirmeasc air aon oideachas a fháil (anseo nó thar lear) | (6) |
| A3. | Ní raibh | (6) |
| A4. | Bhí iallach ar Chaitlicigh freastal ar adhradh Protastúnach | (6) |
| A5. | Aon chúis AMHÁIN gur ritheadh na Péindlíthe | (6) |

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*Éire: Topaic 5*

**An choilíneacht in aghaidh na ríochta – teannas in Éirinn i lár an ochtú haois déag, 1715 1770**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Neamhchiontach | (6) |
| A2. | Éagórach | (6) |
| A3. | Maiteach (3M) " nach bhfuil olc dá laghad agam do na fir mhíshona sin"(3M) | (6) |
| A4. | Na fir mhíshona sin a rinne géarleanúint air go bás | (6) |
| A5. | Cúis AMHÁIN gur cuireadh Nioclás Mac Síthigh ar a thriail | (6) |

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*Éire: Topaic 6*

**Deireadh na ríochta Éireannaí agus bunú an Aontais, 1770 1815**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Prátaí | (6) |
| A2. | Ba cheart deireadh a chur leis | (6) |
| A3. | B cheart dóibh an méid coirce a ídíonn siad a laghdú chomh mór agus is féidir | (6) |
| A4. | Féadfar soláthar iomlán síl a chaomhnú/ Coinnítear na prátaí ar fad nach bhfuil á gcaomhnú i gcomhair síl do na bochtáin amháin | (6) |
| A5. | Cúis bhailí AMHÁIN le míshuaimhneas faoin tuath | (6) |

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

### *ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR (100 marc)*

Freagair ceisteanna ar cheann **amháin** de na cúig thopaic thíos.

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*

**Creideamh agus cumhacht: an pholaitíocht sa séú haois déag déanach, 1567-1609**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Diúc Sidonia | (6) |
| A2. | Tá siad beag, íseal agus réthonach/ Tógadh d'aibhneacha iad seachas don fharraige | (6) |
| A3. | Tá siad baolach mar níl siad muiracmhainneach/ d'fhéadfadh longa de chuid na Sasanach iad a scriosadh gan stró | (6) |
| A4. | Ní raibh. Is cosúil go bhfuil Sidonia ag súil go mbuailfidh Parma lena longa, ach deir Parma trí huaire nach n-athróidh sé a bhealach | (6) |
| A5. | Cúis AMHÁIN go bhfuarthas an ceann is fearr ar an Armáid | (6) |

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3*

**Dul ar gcúl na Sean Eorpa, 1609 1660**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Muir Bhailt | (6) |
| A2. | 7% | (6) |
| A3. | Na Molacaí, Iáva, an Malae, an India, an tSiolóin Téaváin<br>TRÍ CINN ar bith @ 2 mharc an ceann | (6) |
| A4. | Tae, síoda, spíosraí TRÍ CINN @ 2 mharc an ceann | (6) |
| A5. | Tionchar amháin ar an meath i soláthar airgid ar thrádáil na nDúitseach san Áise | (6) |

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*

**An Eoraip le linn ré Louis XIV, 1660 1715**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Thairg sé idirbheartaíocht a dhéanamh maidir lena fhilleadh ar ais | (6) |
| A2. | Áthas | (6) |
| A3. | Buíochas ó chroí/ Fógairt a ndílseachta agus a ndualgas | (6) |
| A4. | An Ísiltír | (6) |
| A5. | D'fhill an Prionsa | (6) |

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*

**Impireachtaí á mbunú, 1715 1775**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | 3 a chlog | (6) |
| A2. | 150 | (6) |
| A3. | 80 nó 90 | (6) |
| A4. | Na Briotanaigh a ruaigeadh ón droichead/ a ngunnaí a lódáil/ Gan scaoileadh nó go scaoilfeadh na Briotanaigh ar dtús | (6) |
| A5. | Aon chúis bhailí AMHÁIN le héirí amach Mheiriceá | (6) |

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*

**Impireachtaí faoi réabhlóid, 1775-1815**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Vín | (6) |
| A2. | Tífeas | (6) |
| A3. | Fuaimeanna díchordacha/míthaitneamhacha | (6) |
| A4. | Glórmhar/ Iontach cruthaitheach | (6) |
| A5. | Aon DÁ phíosa ceoil a chum Beethoven 3 + 3 | (6) |

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

Leathanach Bán